# Ceol a Chruthú

*Iarrfar ar an scoláire dul i ngleic le hábhar spreagtha, a thaispeáint go dtuigeann sé é, agus freagraí scríofa a thabhairt ina thaobh*

…An tSonraíocht Cheoil p.24

## SPREAGTHACH SCANRÚIL

### Oíche Shamhna

Le hÁine Ní Ghlinn

Tháinig slua scanrúil chuig doras an tí
Cailleacha, taibhsí agus vaimpírí

Bhí eagla an domhain orm rompu go léir
Cad as a dtáinig siad? Ar eitil siad anuas ón spéir?

Ná bí buartha a dúirt siad, Níl ionainn ach páistí
Le hataí agus clócaí agus púicíní

## SPREAGTHACH SCANRÚIL

### Oíche Shamhna

Le Sadhbh Rosenstock

Fear grinn, diabhal, foghlaí mara,
Spórt is spraoi le mo chara,
Arracht, sióg, cnámharlach
Cóisir bhreá le bia 'gus deoch

Púca, puimcín, sciathán leathair
Beidh sé dorcha ar a ceathair!
Sárlaoch, cailleach, cat mór liath
Amach go beo linn, bob nó bia

## Fianaise ar fhoghlaim

Cruthaigh, cleacht agus cas do chleas cóisire do cheiliúradh Samhna mar fhregairt do ceann de na spreagthaí seo





cc BY NC